TUARASCÁIL ROINN OIDEAĊAIS

GARMOIDEAĊAS

(AR LEAN.)

Tá méadú mór le feiceáil in gaċ gné do cúrsaí gairm-oideaċais. Ḃí 103,076 micléinn ar rollaí na ngairmscoltaċa i gcomórtas le 98,576 den ḃliain roiṁe sin.

Ar leaṫanaċ 24 den tuarascáil faoi oideaċas leanúnaċ, is cosúil gur fágaḋ amuiġ uiṁir na mac-léinn a ḃí ag freastal ar an 244 ionad lán aimsire, iar-ḃunscoile. Agus ní ṫig linn é ċur i gcomórtas leis an 27,124 a ḃí ag freastal ar an 243 ionad an ḃliain roiṁe sin.

Ceann de na rudaí is speisiúla atá insan tuarascáil Gairm-oideaċas, an foráil faoi foirgníoċt tuaiṫe. Seo mar a ċuirtear síos air:

I dtuarascáil roiṁe seo, tagraíoḋ do scéim na Roinne maidir le h-arcaíoċt agus le h-oiliúint múinteoirí adṁadóireaċt ⁊ foirgníoċta, agus don ċaoi a mbíotar dá bfostú i scéimeanna Gairm-oideaċas i limistéir condae. Ó cuireaḋ tús léi i 1965, tá an scéim seo ag dul ar aġaiḋ go rí ṡásúil. I riṫ na scoil ḃliana 1962-63 ḃí 47 ṁúinteoir ag plé le beartas ḟoirgníoċta i gceantar tuaiṫe, agus meastar gur fiú trí-ċeaṫrú milliún punt ar a laġaḋ, a raiḃ de obair faoi-ne dtreoir agus a dteagasc. Ní féidir cuntas iomlán a ṫaḃairt ar na bearta a tugaḋ ċun críċ, aċ ar an aṫċoimirce seo leanas, ġeoḃfar tuairim éigin ar raon na h-oibre seo:

Foirgniṁ nua	242
Sean Foirgniṁ a deisíoḋ	150
Seomraí breise	627
Tiṫe nua Feirme	142
Sean tiṫe Feirme a deisíoḋ	39
Grúp-scéimeann uisce	12

Ina dteannta sin, ḃí neiṫe eile mar ṡompla, siútáin inneall, poill ṡaḃlais, geataí, camraíoċt clóis, ⁊rl. De réir scéime atá beagnaċ caiġdeánaiṫe anois, a leagtar amaċ obair na múinteoirí adṁadóireaċt agus foirgníoċta.

I dtús na scoil-ḃliana, eagraíotar ranganna tráṫnóna i ngairmscoil nó in ionad oiriúnaċ eile i gceantair tuaiṫe, do ḋaoine a bfuil spéis aci dtionscnaiṁ tógála. Taréis réim-ċúrsa ar láiṁseáil uirléisí adṁadóireaċta, ceapann an múinteoir sraiṫ de ċleaċtaiṫe ina bfuil claonaḋ i leiṫ siúinéireaċta agus foirgníoċta. Déantar stáidéar ar lín-íoċtaí i gcóir tiṫe cónaiṫe agus tiṫe feirme, corais camraíoċta, ⁊rl., agus tugtar teagasc ar ṗrionsabail na líníoċta. Baintear feiḋm as min-ṡaṁailteaċa de réir scála mar aiseanna teagaisc. Ina ḋiaiḋ sin, ligtear den ṁac-léinn dul i mbun oibre ar an tionscail baile nó feirme atá beartaiṫe aige, agus tugann an múinteoir cuairt ar láṫair na h-oibre. ċun pé suirḃéireaċt atá riaċtanaċ, a ḋéanaṁ agus plean oiriúnaċ, maille le sonnraíoċt, a leagann amaċ.

Cuirtear iad seo faoi ḃráid an údaráis ċuí lena mbreiṫniú ⁊ le deontas a ḟáil i leiṫ costas na h-oibre. Nuair a ċuirtear tús leis an obair, tugtar teagasc dos na micléinn ina n-aonar nó ina ngasraí beaga ar an láṫar, agus téann an múinteoir amaċ go trá rialta ċun feiṫeoireaċt a ḋéanaṁ ar an tionscail go gcuirtear i gcríċ é.

Glacann an múinteoir adṁadóireaċt agus foirgníoċta, páirt ṫáḃaċtaċ ins na scoileanna feirme geiṁriḋ, agus na cúrsaí printíseaċta feirme, a bfuil tagairt dóiḃ ċeana féin san tuarascáil seo.

Ní féidir le aon duine aċ árd ṁolaḋ a ṫaḃairt dona leiṫéid seo do obair, agus is mór atá a leiṫéid ag teastáil in cuid ṁór ceantraċa sa Ġaeltaċt. Is trua naċ mbeaḋ áireaṁ déanta ar cé méid ceantar insan Ġaeltaċt, ina bfuil múinteoir foirgníoċt den ċineál seo ag gníoṁú san am i láṫair.

San ḃliain i gceist, faoi oiliúint múinteoirí. Deirtear gur tugaḋ diploma múinteoir tís do 35, agus aiṫeantas sealadaċ go dtí aṫ-scrúdú do 17. Diploma in adṁadóireaċt do 18, agus aiṫeantas sealadaċ do beirt. Diploma do oċtar san miotalóireaċt, agus aiṫeantas sealadaċ do oċtar.

TEASTAS TIMṪIRE GAEILGE

Tionólaḋ cúrsa scrúdú an Teastas Timṫire Gaeilge san céard-scoil, Gaillim, i riṫ mí an Iúil, 1963. Ḃí fad an ċúrsa agus an clár ar aondul leis na cúrsaí a ḃí ann ċeana. Cé gur ċuir líon mór iarratóirí isteaċ ar an gcúrsa — 98 ar fad. níor ṫáinig aċ 57 idir céimiṫe agus fó-ċéimiṫe sna dáin agus san tráċtáil. I mbliana, ḃí cúigear múinteoir meánscoile i láṫair de ḟonn staidéar a ḋéanaṁ ar ṁodanna nua-aimsire ċun teanga a múineaḋ. Ḃí caiġdeán ana árd ag an luċt freastála i gcoiteana, agus ḃí torṫaí an scrúdaiṫe ċinn-ċúrsa go sár ṁaiṫ. Faoin am ċéanna, ceaṫrar iarratóirí a fuair aiṫeantas sealadaċ in 1962. rinne siad cúrsa sa Ġaeilge sa Ċeaṫrú Rua, Co. na Gaillime, ag deireaḋ an cúrsa. d'éiriġ le gaċ duine acu an ċáilíoċt iomlán do ġnóṫú. Den 62 iarratóir istiġ ar an scrúdú, fuair 38 Teastas Timṫire Gaeilge, agus 19 aiṫeantas sealadaċ. Ḃí Árd Ċúrsa Gaeilge faoi Ċoiste Gairm-Oideaċais na Gaillime, do ṁúinteoirí an ḃliain céanna. Ḃí an gnáċ scrúdú don ċéard teastas Gaeilge, i mí Feaḃra, 1963. agus ḃí scrúdú breise i ndeireaḋ an Iúil, 1963, de iarratóirí a ḃí ar ċúrsa saṁraiḋ sa Ġaeltaċt. Ar 176 iarratóir san iomlán, bronnaḋ an Céard-Teastas Gaeilge.

MÁIRNÉALAĊT

Ḃí na cúrsaí sna scoileanna seo ar an dul céanna is a ḃí ar feaḋ na mblianta roiṁe, agus tríd is tríd, ḃí an teagasc éifeaċtaċ. Sa Ċoláiste Máirnéalaċta. ḃí an teagasc, agus an oiliúint go h-an ṁaiṫ agus i gcaiṫeaṁ na scoilḃliana, ġnóṫaiġ na micléinn na teastais seo leanas: Tugaḋ teastas Máistir do 13; Teastas Céad-Ṁáta do 20; Máta don dara grád do 14; Máirnéalaċ dara grád iascaċ do beirt, agus Piolata Cuain Ḃaile Áṫa Cliaṫ do seaċtar agus Breaṫnadóir Radar, do 25.

EADÁN ANFA

Ḃuaiġ Seán Ó Domnaill. Aċla, le scór 184, an príoṁ duais ag cluiċe fuist seaċtainiúil in halla Eadán Anfá, agus ní raiḃ sé aċ marc aṁáin faoi an scór don 'Snowball.' Donnċa Ó Gallċoḃair, Na Grianáin, a fuair an ċéad duais do na fir, agus Nábla Nic Allṁúin. Log na Coille, an ċéad duais do na mná. Bríd Ní Ṁaolṁuaiḋ, Na Mullaí, a fuair an duais faoi ċeilt.

Fuair duine de na daoine is sine sa ṗaráiste seo, agus sa taoḃ tíre ar fad. bás Dé hAoine seo caiṫe, Pádraic Ó Maolḃuaiḋ, Árd Pádraig, Na Gleanntaí, in aois a 96 bliana. Ḃí an tsláinte go maiṫ aige go dtí ar na fiorallaiḋ.

Ḃí measarṫaċt stoc ar tairiscint ar aonaċ na nGleanntaċ, an tseaċtain seo caiṫe, ⁊ luaċa árda do aċan ċineál acu. Ċuaiġ ba ionlaoiġ, a raiḃ éileaṁ maiṫ fána gcoiṁniḃ, £60-67; ba bainne, ó £46-£50. Ḃí iarraiḋ iontaċ maiṫ ar eallaċ óg: Bearraiġ 2-3 bliana £42-£58 agus bulláin ó £45-£60; ċuaiġ bearraí agus bulláin bliana. ó £36 - £40. Ḃí fíor beagán caoraċ ar tairiscint.

MAIR A ĊAPAILL AGUS ĠEOḂAIR FÉAR

"Apologia pro Laisset Faire" an Páipéar Bán

AG FREAGAIRT AN MÉID ADÚIRT AN COIMISIÚN FAOI SEAN ḂORD NA GCEANTAR GCÚNG DEIRTEAR GO BFUIL RANNA RIALTAIS ANN ANOIS, AGUS GO MBEIḊ ROINN NA GAELTAĊTA AG SÍOR ÁIREAṀ ORṪA AGUS AR ḊREAMANNA EILE, A GCEART A ḊÉANAṀ DON ĠAELTAĊT.

Tá siad á ḋéanaṁ sin le h-oċt mbliana. Agus gan mórán toraḋ le feiceáil air.

Is aisteaċ ar fad mar deirtear: Tá aṫ-eagar á ċur ar Ċóras na bFoirne Forbairte Áitiúla, de ṫoraḋ na taiṫí atá acu ar a gcuid oibre. San aṫ-eagrú sin, taḃarfar áird ar leiṫ ar an nGaeltaċt. Agus cuirfear de ċúram speisialta ar fó-ċoiste de gaċ foireann, fó-ċoiste a mbeiḋ Stiúrṫóir Áitiúil Roinn na Gaeltaċta ina Caṫaoirleaċ air, forbairt eacnamaíoċta na gceantar Gaeltaċta ina ċaṫaoirleaċ air. forbairt eacnamaíoċta na gceantar Gaeltaċta ina gcondae féin, a ċur ar aġaiḋ.

Déanfar socrú den tsórt sin freisin don Rinn. áit atá lasmuiġ de na condaeṫa Cúnga.

Ba ṁór ab ḟiú é dá mbeaḋ Coiste dá leiḋéid sin ann a ċeapfaḋ Comluċtaí deonaċa in gaċ ceantar ar leiṫ, ionus go bféadfaḋ an dá ḋream riaċtanais an ċeantair a plé i gcoṁar lena ċéile. Tá socrú den tsórt sin á ḋéanaṁ, d'ḟonn go bféadfaí na Foirne Forbairte Condae. ⁊ na Comluċtaí deonaċa teaċt le ċéile le haġaiḋ cruinniṫe sna ceantair Cúnga i gcoitiana.

"Mair a ċapaill, agus ġeoḃair féar," is dóċa.

Glacann an Rialtas le tuairim an Ċoimisiúin gurb í an Ġaeltaċt mar a cinneaḋ le hordú 1956, a ġlacfaí mar limistéar bunaí le haġaiḋ na scéimeanna go léir don Ġaeltaċt feasta.

Agus déantar seo, is cosúil, in aineoin go raiḃ Airí Rialtas ag rá gur cuireaḋ isteaċ ceantar san Ġaeltaċt nár ċeart a ċur isteaċ ariaṁ. agus nár cuireaḋ isteaċ é aċ ar cúiseanna poiliticiúla.

SÁḂAIL AIRGID

Airiṫear ansin na moltaí a ḃí ag an Coimisiún faoi tionsclaíoċt insan Ġaeltaċt ceann indiaiḋ an cinn eile. ó 77 go 83, agus tugtar breiṫ orṫa, agus níl sa ḃreiṫ aċ aiṫris ar na socraiṫe airgeadais a rinneaḋ do Ġaeltarra Éireann, aċ níl tráċt ar biṫ gur ġlac Gaeltarra Éireann mar Ḃord, olc agus mar tá siad, le córas a ḃí ag cailleaḋ ceaṫrú -milliún punt sa ḃliain, agus gur ċuir siadsan ar bunus coṁslán, agus naċ bfuil ag teastáil anois. aċ deontas £100,000 sa ḃliain.

Deirtear go dtugann an tAċt 'um ṫionscail na Gaeltaċta 1957 cúṁaċtaí fairsing do Ġaeltarra Éireann. Cuireann sé ar a gcumas siúd agus seo a ḋéanaṁ, aċ sé crúṫú na putóige a h-iṫe. Cad tá déanta acu ó 1957, go dtí an lá inniu?

Freagra ar sin, go bfuil bainistíoċt réasúnta éifeaċtaċ déanta acu ar na tionscail tuaiṫe agus eile. mar a ḋéanfaḋ siopadóirí nó luċt gnó, aċ ó taoḃ oibreaċais a ċur ar fáil. forbairt tionscail a ṡoláṫar sa Ġaeltaċt níl sé ann. Agus cé'n maiṫeas leanúint den sean tiúin céanna?

Anois, deirtear go bfuil rannóg speisialta bunaiṫe ag Gaeltarra Éireann ċun moltaí le haġaiḋ tionscail nua a ḃeaḋ oiriúnaċ lena mbunú sa Ġaeltaċt a breiṫniú agus a meas, agus taḃarfar áird ar moltaí an Coimisiúin nuair a ḃéas beartas an Ḃoird a ṡocrú.

Sé fírinne an scéil, naċ bfuil stiúrú an Ḃoird, nó cumas an Ḃoird, inann tionscail nua ṁóra. le oibreaċas leaṫan a ṡoláṫar san Ġaeltaċt, agus naċ bfuil cúrsaí airgeadais an Ḃoird ar bunus go bféadfaḋ siad é seo a ḋéanaṁ go h-éifeaċtaċ.

AMAIDÍ CAINTE

Aċ, is amaidí arís an rud adeirtear maidir le tionsclaíoċt príoṁáideaċ, go bfuil limistéaraí eile na Gaeltaċta ina bpáirt de na limistéaraí neaṁ-ḟorbarṫa, agus dá bri sin, go bfuil Foras Tionscail abálta cuidiú leo.

An dtuigeann siad ar ċor ar biṫ, naċ raċaiḋ duine ar biṫ siar go Carna nuair a ġeoḃaiḋ sé an t-airgead céanna i nGaillim. ⁊ naċ raċaiḋ duine ar biṫ siar go Gaoṫ Doḃair, nuair a ġeoḃaiḋ sé an t-airgead céanna i Leitir Ceanainn.

Agus caiṫfiḋ go dtuigeann siad rud éigin de sin, nó deir siad—"Cé go bfuil tuairim 150 tionscail bunaiṫe nó ar tí a mbunaiṫe ins na limistéir neaṁ-forbarṫa le caḃair na ndeontas sin, is é Ġaeltarra Éireann a ċaiṫfiḋ dlúṫas a ċur leis an tionsclaíoċt san Ġaeltaċt."

Is ionann seo agus a rá go bfuil ḟios acu go rí ṁaiṫ naċ leor Aċt na Limistéar Neaṁ-ḟorbarṫa le tionsclaíoċt a ċur ċun cinn san Ġaeltaċt.

Agus de réir stair Ġaeltarra Éireann le hoċt mbliana, ní aon áḃar dóċais é go mbunóiḋ siadsan rud sa Ġaeltaċt aċ oireaḋ. Cé go ndeirtear anois go spreagfar é ċun feiḋm dearḃóinteaċ a ḋéanaṁ, le tacaíoċt ċapital ón Rialtas.

Agus más ea, cé'n fáṫ san am ċéanna. a leanfar de ḃeiṫ ag déanaṁ gaċ diċeall ċun luċt tionscail príoṁáideaċ a ṁeallaḋ ċun na Gaeltaċta le caḃair ó deontais an Ḟorais Tionscail?

Tá léide tugṫa in 112 go bfuil an rud a ḃí á iarraiḋ le tamall maiṫ in AMÁRAĊ go gcuirfí an cúnaṁ dí-ḟostaíoċta ar bunus nua don Ġaeltaċt — sé sin go gceanglófaí é de luaċáil na bfeilmeaċa, agus ní hé do ḋuine a ḃeiṫ gan ḋuáir san dóiġ naċ gcuirfí cosc le dul ċun cinn an duine.

Ag cursíos ar ġlasraí agus talṁaíoċt, tiġeann an Páipéar Bán arais go dtí an Report ó'n Pilot Area Development.

An bfuil ḟios ag na daoine seo, nuair a toġaḋ na ceantair do forbairt somplaċ, nár toġaḋ ceantraċa Gaeltaċta ar an áḃar nárḟóir an scéim seo do ċeantraċa Gaeltaċta, agus nárḟóir na ceantraċa Gaeltaċta díoḃa, toisc naċ bféadfaí na ceantraċa Gaeltaċta a ḋéanaṁ eacnamiciúil ó ṫaoḃ talṁaíoċta ċor ar biṫ.

Sin tuairim a gcuid oifigeoirí féin. Tuairim Teagascóirí Talṁaíoċta. Tuairim Príoṁ-Oifigí Coistí Talṁaíoċta atá anseo. agus nár ċóir go raċaḋ sé coṁ hárd leis an Stát-Seirḃís agus luċt cumṫa an Páipéir Báin?

Deirtear fá ċoinne monarca próiséisiṫe glasraí faoi coinníollaċa eacnamiciúil go mbeaḋ ráta próiséisiṫe de trí nó ceiṫre tonna san uair ag teastáil, agus gurḃ ionann seo agus toraḋ 4,000 nó 5,000 acraí glasraí sa ḃliain. agus timpeall tríhuaire an méid sin talaiṁ ar fáil fá ċoinne barraí a aṫrú.

Ní raiḃ de ġlasraí san Ġaeltaċt i 1960, aċ 220 adúraḋ, aċ le linn scéim Ġleann Ċolmcille. is dóċa go mbeaḋ 400 in 1964. Tá glacṫa ag an Rialtas áfaċ, leis an ṁolaḋ go gcuirfí socraiṫe iompair ar fáil le glasraí a ṫaḃairt ó ċeantar trialaċ go dtí monarca próiséisiṫe in áit eile, féaċaint an bféadfaí dóṫain a ḟáil sa gceantar, le go bféadfaí monarca a ḃunú ann.

Ag tráċt ar ċaoirí, tá tráċt amaċ mór fada eile ar na buntáistí atá ar fáil ċeana féin, aċ gan aon tráċt go bfuil teipiṫe ar na buntaistí sin Saoṫrú Seasta a ċur ar fáil sa Ġaeltaċt nó na feilmeaċa a ḋéanaṁ eacnamiciúil.

Téiġtear ar aġaiḋ ansin ag cur síos ar conus mar ġeoḃas an Ġaeltaċt buntáiste an deontas 75 per cent. de Coistí Talṁaíoċt fá ċoinne Teagascóirí Talṁaíoċta breise. Apologia pro laisse faire, arís.

Leantar den rud céanna ag cur-síos ar na scéimeanna foraoiseaċta atá ann. agus ar an obair ṁór atá Rannóg na Foraoiseaċta a ḋéanaṁ don Ġaeltaċt, aċ gan a ṫoraḋ a ḃeiṫ le feiceáil.

Ar aġaiḋ leo ansin ċuig an iascaireaċt, agus in ionad go mbeaḋ ceann nó dó de na ceantair móra, na portanna móra iascaireaċta sa Ġaeltaċt, deir siad go bfuil siad **'COṀGARAĊ'** don Ġaeltaċt. Agus tá sé miniṫe arís, agus arís ag AMÁRAĊ ⁊ ag an Coimisiún agus ag daoine eile, naċ buntáiste ar biṫ na portanna seo a ḃeiṫ coṁgaraċ don Ġaeltaċt mar go raċaiḋ luċt na dtráiléaraí a ċónaí ins na Cealla Beaga nó in Clonakilty nó ins na bailte eile, agus go bfuil siad caillte den Ġaeltaċt láiṫreaċ.

ROSMUC

Ḃeiḋ an seomra nua i Rosmuc, ar oscailt am éigin i mí na Feaḃra, agus beiḋ ann, músaem i gcuiṁne ar Pádraig Mac Piarais. ar gnáċ leis saoire saṁraiḋ do ċaiṫeaṁ i Rosmuc. Tá an Príoṁ-Oifigeaċ Gairm-Oideaċas, an tUasal Seán Ó Doċartaiġ, ag iarraiḋ ar aon duine go bfuil cuiṁneaċán de ṡaġas ar biṫ acu do Pádraig Mac Piarais. iad a ḃronnaḋ ar an músaem. Arsa an Uasal Ó Doċartaiġ: "Ḃéimíd fíor ḃuíoċ do na daoine a bfuil cuiṁneaċáin acu, má ṫugainn siad don Ċoiste iad, fiú aṁáin ar iasaċt.' Ag taḃairt tuairisc fán ḟoirgneaṁ scoile, dúirt sé gur ṫosnaiġ an obair ar an ċonraḋ téiṫe coicís ó ṡin. agus go raiḃ na gléasraí leictreaċais uiliġ istiġ. Is áḃar coṁġáirdeaċas é dó Ċoiste Gairm-Oideaċas na Gaillime go mbeiḋ dá ḟoirgneaṁ á bfoscladh insan nGaeltaċt, ⁊ ceann nua á ṫosnú i mí Feaḃra.